**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2413 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5 Nollaig 2022**

**maidir leis an sásra agus na nósanna imeachta chun seiceálacha cáilíochta a dhéanamh agus ceanglais iomchuí a chur i gcrích i ndáil le comhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de, agus maidir le caighdeáin cháilíochta a shonrú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le malartú faisnéise idir Ballstáit i ndáil le víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe (Rialachán VIS) ([1]), agus go háirithe Airteagal 29(2a), an dara fomhír, agus Airteagal 29a(3), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, bunaíodh an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) chun sonraí a mhalartú idir na Ballstáit maidir le hiarratais ar víosaí gearrfhanachta, ar víosaí fadfhanachta agus ar cheadanna cónaithe, agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh na víosaí gearrfhanachta, na víosaí fadfhanachta agus na ceadanna cónaithe a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur leo.

(2) Ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais ("eu-LISA") sásra uathoibrithe agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun cáilíocht na sonraí a stóráiltear in VIS a áirithiú. Ba cheart rialacha a bheith sa réiteach a chuirfidh eu-LISA chun feidhme, rialacha lena gcuirtear cosc ar úsáideoirí an chórais sonraí ar cháilíocht íseal a iontráil. Ba cheart treoraíocht a thabhairt d'úsáideoirí an chórais laistigh den chóras féin ar mhaithe le cuidiú leo a thuilleadh chun cáilíocht na sonraí a iontráiltear in VIS a mhéadú.

(3) Ba cheart do eu-LISA faireachán rialta a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha maidir le cáilíocht sonraí a leagtar amach sa Chinneadh seo agus ba cheart dó bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh i gcás inar gá. Go háirithe, ba cheart do eu-LISA a fhíorú an bhfuil na sonraí ar fad iomlán, cruinn, comhsheasmhach, uathúil agus an bhfuil siad i gcomhréir leis na rialacha maidir le cáilíocht sonraí.

(4) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/1134 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal ar an Danmhairg.

(5) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu ([3]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

([1]) IO L 218, 13.8.2008, lch. 60.

([2]) Rialachán (AE) 2021/11346 Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

([3]) Ní thagann an Cinneadh seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

(6) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([4]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([5]).

(7) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([6]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([7]).

(8) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([8]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([9]).

(9) Is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.

(10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus thug sé a thuairim uaidh an 13 Iúil 2022.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Theorainneacha Cliste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

1. Leis an gCinneadh seo, leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir leis an sásra uathoibrithe agus na nósanna imeachta chun seiceálacha cáilíochta a dhéanamh agus ceanglais a chur i gcrích i ndáil le comhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de, de bhun Airteagal 29(2a) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

---

([4]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([5]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([6]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([7]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

([8]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([9]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

2. Leis an gCinneadh seo, leagtar síos na rialacha mionsonraithe freisin maidir le sonraíochtaí na gcaighdeán cáilíochta sonraí i leith sonraí a iontráil nuair a bhíonn comhaid iarratais á gcruthú nó á nuashonrú sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) de bhun Airteagal 29a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

3. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na sonraí atá sa bhunachar sonraí inléite amháin dá dtagraítear in Airteagal 45c(6) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

(b) réimsí sonraí atá marcáilte lena scriosadh.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "úsáideoir" ball foirne cuí-údaraithe de chuid na n-údarás víosaí nó na n-údarás atá inniúil chun iarratas ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe a bhailiú nó cinneadh a dhéanamh ina leith;

(2) ciallaíonn "sonraí ionchuir" sonraí atá le stóráil i Lárchóras VIS agus ar sonraí iad atá faoi réir seiceálacha cáilíochta sonraí;

(3) ciallaíonn "rialacha blocála" rialacha nó sraith rialacha lena dtomhaistear a mhéid a chomhlíonann sonraí ionchuir na ceanglais sonraí shainithe maidir lena stóráil nó lena n-úsáid, nó an dá rud, lena n-áirítear rialacha maidir le cáilíocht sonraí nach mór a chomhlíonadh sular féidir sonraí a iontráil i Lárchóras VIS.

(4) ciallaíonn "rialacha boga" rialacha nó sraith rialacha lena dtomhaistear a mhéid a chomhlíonann na sonraí ionchuir na ceanglais sonraí shainithe a chinneann a n-ábharthacht nó a n-úsáid optamach nó an dá rud, lena n-áirítear na rialacha cáilíochta sonraí is infheidhme sular féidir sonraí a iontráil i Lárchóras VIS.

*Airteagal 3*

**Sásra agus nósanna imeachta um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de**

1. Beidh feidhm ag an sásra uathoibrithe arna bhunú chun comhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de a áirithiú maidir le hiontráil nó leasú sonraí nuair a bheidh na húdaráis inniúla ag cruthú comhaid iarratais in VIS nó á nuashonrú de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

2. Chun go mbeidh comhlíontacht fheabhsaithe ann ó thaobh cáilíocht sonraí de, bunóidh eu-LISA sásra chun an méid seo a leanas a sheachaint:

(a) earráidí comhréire trí gan iontráil nó stóráil réimsí sonraí a cheadú ach amháin má bhíonn siad formáidithe i gceart;

(b) earráidí séimeantacha, nuair is féidir, trí úsáid réimsí saorthéacs a theorannú.

3. Leis an sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de, beifear in ann rialacha blocála a chur i bhfeidhm. I gcás nach bhfuil feidhm ag rialacha blocála, cuirfear rialacha boga i bhfeidhm maidir le sonraí arna n-iontráil nó arna leasú ag na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, i gcomhréir le hAirteagail 6, 8, 9, 9c, 9d, 9e, 9a, 10, 12, 13, 14, 22a, 22c, 22a, 22e, 22f, 24, 25 den Rialachán sin.

4. Chun comhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de leis na rialacha blocála nó leis na rialacha boga a chinneadh, beidh an sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de, dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, i gcomhréir le pointí 1 agus 2 den Iarscríbhinn.

5. Leis an sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de, déanfar measúnú ar a mhéid a chomhlíonann na sonraí gach táscaire cáilíochta sonraí trí chaighdeán cáilíochta sonraí gach táscaire a chur i bhfeidhm. Mar thoradh ar an measúnú sin, déanfaidh an sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de aicmiú cáilíochta sonraí a shannadh do na sonraí ionchuir de bhun an phróisis a leagtar síos i bpointe 3 den Iarscríbhinn.

6. Cuirfidh eu-LISA na caighdeáin cáilíochta sonraí chun feidhme i gcomhair gach táscaire i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 4*

**Forálacha speisialta maidir le rialacha blocála agus rialacha boga**

1. Maidir le sonraí ionchuir nach gcomhlíonann riail bhlocála, diúltófar a n-iontráil nó a stóráil i Lárchóras VIS. I gcás nach gcomhlíonann na sonraí ionchuir riail bhlocála, taispeánfaidh an sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de teachtaireacht earráide agus tabharfaidh sé treoraíocht don úsáideoir maidir leis an mbealach ceart chun na sonraí ionchuir a chur i gcomhréir leis an riail bhlocála.

2. Na sonraí ionchuir nach gcomhlíonann riail bhog, déanfar iad a iontráil i Lárchóras VIS le bratach, fógra nó teachtaireacht rabhaidh lena léirítear fadhb maidir le cáilíocht sonraí. I gcás nach gcomhlíonann na sonraí ionchuir riail bhog, ceadóidh an sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de iontráil na sonraí, taispeánfar teachtaireacht rabhaidh agus tabharfar treoraíocht don úsáideoir maidir leis an mbealach ceart chun na sonraí ionchuir a chur i gcomhréir leis an riail bhog.

3. Beidh riail bhlocála ag gabháil leis na réimsí sonraí atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú VIS. Sna sonraíochtaí teicniúla sainítear na réimsí sonraí a mbeidh feidhm ag riail bhlocála nó ag riail bhog maidir leo. Is é eu-LISA a fhorbróidh na sonraíochtaí teicniúla.

*Airteagal 5*

**Ceanglais ghinearálta chun comhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de a áirithiú**

Déanfaidh na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 cruinneas, iomláine, comhsheasmhacht, tráthúlacht agus uathúlacht na sonraí a phróiseáiltear i Lárchóras VIS a áirithiú.

*Airteagal 6*

**Tuarascálacha maidir le comhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de**

An fhaisnéis chun na tuarascálacha éagsúla a sholáthar de bhun Airteagal 29(2a) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, déanfar í a ghiniúint go huathoibríoch ón lárstóras um thuairisciú agus staidreamh dá dtagraítear in Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2019/817 agus áireofar an méid seo a leanas inti:

(a) i gcás sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracha a dhéantar a mheasúnú de réir rialacha blocála agus rialacha boga, comhlíontacht leis na táscairí cáilíochta sonraí seo a leanas:

 (1) iomláine (%);

 (2) cruinneas (%);

 (3) uathúlacht (%);

 (4) tráthúlacht (%);

 (5) comhsheasmhacht (%);

(b) iomláine na gcomhad iarratais (%);

(c) comhlíontacht na sonraí a bhfuil an t-aicmiú "ardcháilíochta" acu (%);

(d) comhlíontacht na sonraí a bhfuil an t-aicmiú "ísealcháilíochta" acu (%);

(e) réimsí sonraí is cúis le fadhbanna rialta a bhaineann le cáilíocht.

Cuirfear na tuarascálacha éagsúla de bhun Airteagal 29(2a) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ar fáil ar bhonn míosúil.

*Airteagal 7*

**An sásra agus na nósanna imeachta um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de a choinneáil ar bun**

Ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 6 agus i gcomhar leis na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh eu-LISA aghaidh a thabhairt ar aon fhadhb maidir le cáilíocht sonraí agus, i gcás inar gá, an sásra agus na nósanna imeachta comhlíontachta a choigeartú, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm ag na forálacha sa Chinneadh seo ón dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí VIS de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

## 1. **Sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de le haghaidh sonraí atá le hiontráil**

Beidh na sonraí a iontrálfar sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) faoi réir sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de, sásta atá bunaithe ar rialacha blocála agus rialacha boga faoi mar a shainmhínítear in Airteagail 2 agus 4. Leis na rialacha sin, cinntear an gceadófar iontráil na sonraí nó an ndiúltófar dóibh. Is ar bhonn na bparaméadar seo a leanas a bhunaítear na rialacha blocála agus na rialacha boga: comhréir, séimeantaic, comhréireacht le caighdeáin cháilíochta, fad, formáid, cineál agus athrá.

## 2. **Táscairí cáilíochta sonraí le haghaidh sonraí atá le hiontráil**

Déanfaidh an sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de cáilíocht na sonraí a thomhas de réir gach táscaire ábhartha. Leis an sásraí um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de, cuirfear comhéifeacht mheáite san áireamh chun meáchan coibhneasta gach táscaire ar cháilíocht fhoriomlán na sonraí ionchuir a ríomh. Déanfar an chomhéifeacht mheáite a shainiú a thuilleadh sna sonraíochtaí teicniúla.

Tar éis na comhéifeachta meáite a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí ionchuir, déanfaidh an sásra um chomhlíontacht ó thaobh cáilíocht sonraí de próifíl sonraí ionchuir a tháirgeadh ina mbeidh torthaí chur i bhfeidhm na gcaighdeán táscaire, cuir i gcás luachanna uimhriúla lena ndéantar meastóireacht ar cháilíocht na sonraí ionchuir faoi gach táscaire.

Liostaítear i dTábla 1 an tacar táscairí cáilíochta sonraí a mbeidh feidhm acu i gcónaí maidir leis na sonraí. Is iad seo a leanas na táscairí sin: iomláine, cruinneas, comhsheasmhacht, tráthúlacht, uathúlacht.

*Tábla 1*

**Liosta de na táscairí cáilíochta sonraí**

| Táscairí | Tuairisc | Príomhraon feidhme na hinfheidhmeachta | Aonad tomhais |
|---|---|---|---|
| Iomláine | Ciallaíonn "iomláine" a mhéid atá luachanna ag na sonraí ionchuir le haghaidh na saintréithe go léir a bhfuiltear ag súil leo agus le haghaidh na gceanglas uile a bhaineann leo, i gcomhthéacs sonrach úsáide. Leis an táscaire seo, tomhaistear an soláthraítear na sonraí éigeantacha go léir nó nach soláthraítear. | Réimsí sonraí éigeantacha (sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracha) | Ráta iomláine na sonraí: cóimheas idir líon na gceall sonraí a chuirtear ar fáil agus líon na gceall sonraí is gá |
| Cruinneas | Ciallaíonn "cruinneas" a mhéid a léiríonn na sonraí ionchuir cé chomh gar agus atá na meastacháin do na fíorluachanna anaithnide. | Sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracha | Rátaí earráide samplála, ráta aonaid neamhfhreagartha, ráta ítime neamhfhreagartha, rátaí earráide i dtaca le gabháil sonraí, etc. |
| Comhsheasm-hacht | Ciallaíonn "comhsheasmhacht" a mhéid atá saintréithe ag na sonraí ionchuir atá saor ó chontrárthacht agus atá comhleanúnach le sonraí eile i gcomhthéacs sonrach úsáide. Tomhaistear a mhéid a chomhlíonann tacar sonraí na rialacha gnó sainithe a bhaineann leis na sonraí sin trí chéile. Ciallaíonn sé nach ann d'aon choinbhleacht maidir le hinneachar sonraí. | Sonraí alfa-uimhriúla | Céatadán |
| Tráthúlacht | Ciallaíonn "tráthúlacht" a mhéid a sholáthraítear na sonraí ionchuir laistigh de dháta réamhshainithe nó am réamhshainithe a chinneann bailíocht na sonraí nó comhthéacs úsáide na sonraí sin. Tomhaistear an bhfuil na sonraí cothrom le dáta, agus an féidir na sonraí is gá a sholáthar faoin am is gá. | Sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracha | Aga moille — deiridh: an líon laethanta idir an lá deiridh den tagairt agus an lá a sholáthraítear na sonraí ionchuir |
| Uathúlacht | Ciallaíonn "uathúlacht" a mhéid nach mbeidh dhá thaifead chomhionanna ar leith ann bunaithe ar gach réimse. | Sonraí alfa-uimhriúla agus bithmhéadracha | Céatadán na n-aonad sonraí nach bhfuil comhionann |

Tá taifeach san áireamh freisin sa táscaire cruinnis maidir le sonraí bithmhéadracha. Tomhaistear le taifeach a mhéid atá an méid pointí nó picteilíní is gá sna sonraí ionchuir de réir aonad faid. Aonad atá le taispeáint ar phicteilín scáileáin: picteilíní in aghaidh an orlaigh (*ppi*) le haghaidh na clódóireachta; poncanna in aghaidh an orlaigh (*dpi*) le haghaidh na gcóras aschuir. Picteilín amháin nó roinnt giotán (raon na ndathanna, e.g. 16 dhath 4b, 256 8b, 16b 65k, 24b 16.5mio).

3. **Aicmiú Cáilíochta Sonraí**

Tar éis fhorbairt na próifíle sonraí ionchuir dá dtagraítear i bpointe 2, sannfar aicmiú cáilíochta sonraí do na sonraí ionchuir. Beidh feidhm ag na haicmithe cáilíochta sonraí seo a leanas:

(a) ciallaíonn “dea-cháilíocht” go léiríonn na sonraí go bhfuil an táscaire cáilíochta sonraí is infheidhme á chomhlíonadh mar is gá;

(b) ciallaíonn “ísealcháilíocht” nach léiríonn na sonraí go bhfuil an táscaire cáilíochta sonraí is infheidhme á chomhlíonadh mar is gá, i gcás riail bhog;

(c) ciallaíonn “diúltaithe” nach léiríonn an phróifíl sonraí go bhfuil an táscaire cáilíochta sonraí is infheidhme á chomhlíonadh mar is gá, i gcás riail bhlocála.

I gcás ina sanntar aicmiú “dea-cháilíochta” do na sonraí, déanfar na sonraí a stóráil i Lárchóras VIS gan aon fholáireamh maidir le cáilíocht sonraí.

I gcás ina sanntar aicmiú “ísealcháilíochta” do na sonraí, sonrófar i bhfoláireamh go ndéanfar na sonraí a cheartú agus sonrófar an chúis nach léiríonn na sonraí go bhfuil an táscaire cáilíochta sonraí is infheidhme á gcomhlíonadh mar is gá. Nuair is féidir, sainaithneofar san fholáireamh an réimse sonraí/na réimsí sonraí, an t-ábhar sonraí/na hábhair sonraí nó an dá rud a ndéanann saincheisteanna cáilíochta sonraí difear dó/dóibh agus molfar na hathruithe is gá chun go gcomhlíonfaidh na sonraí ionchuir an t-aicmiú “dea-cháilíochta”.